Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2025/2054(INI)

24.09.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar ról thaidhleoireacht na n-aigéan ar mhaithe le hiomaíochas iascach agus dobharshaothrú an Aontais
(2025/2054(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Željana Zovko

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar ról thaidhleoireacht na n-aigéan ar mhaithe le hiomaíochas iascach agus dobharshaothrú an Aontais

(2025/2054(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige,

– ag féachaint do chomhbheartas iascaigh an Aontais agus dá ghné sheachtrach,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2025 dar teideal ‘Comhshocrú Eorpach um an Aigéan’ (COM(2025)0281) agus don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 24 Meitheamh 2022 dar teideal ‘An bealach a réiteach do phláinéad inbhuanaithe gorm - Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le clár oibre an Aontais um Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan’ (JOIN(2022)0028), ina leagtar amach ceithre phríomhthosaíocht: an creat rialachais dhomhanda le haghaidh na n-aigéan a threisiú, inbhuanaitheacht na n-aigéan a bhaint amach faoi 2030, sábháilteacht agus slándáil mhuirí a fheabhsú, agus eolaíocht agus eolas na n-aigéan a chur chun cinn,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir le rialachas na n-aigéan, iascach agus an geilleagar gorm,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

A. de bhrí go gcumhdaíonn na haigéin agus na farraigí 71 % de dhromchla an Domhain agus os cionn 65 % de chríoch an Aontais; de bhrí go ndéanann an tAontas maoirseacht ar an limistéar muirí comhchoiteann is mó ar domhan, ina bhfuil 25 mhilliún km² de limistéir eacnamaíocha eisiacha, cósta os cionn 70 000 km, agus 40 % dá shaoránaigh ina gcónaí laistigh de 50 km den fharraige;

B. de bhrí go bhfuil cabhlach iascaireachta AE, lena léirítear láithreacht AE ar na farraigí, ina bhfuil thart ar 69 000 soitheach, ar cheann de na cabhlaigh iascaireachta is inbhuanaithe agus is dianrialáilte ar domhan, ach go bhfuil cuótaí atá ag laghdú agus costais arda oibriúcháin rompu, chomh maith le rialáil a mbaineann ró-ualach léi agus iomaíocht éagórach ó thíortha nach cuid den Aontas iad ag a bhfuil caighdeáin níos laige;

C. de bhrí go n-allmhairíonn an tAontas 70 % dá bhia mara, rud a chruthaíonn spleáchas

straitéiseach, a bhaineann an bonn den neamhthuilleamaíocht agus a nochtann an earnáil do chleachtais éagóracha;

D. de bhrí go bhfuil an tAontas ina chomhalta de 18 n-eagraíocht réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go bhfuil ról ceannasach aige i gcaibidlíocht iltaobhach maidir le rialacha a bhaineann le bainistiú iascaigh agus cleachtais caomhnaithe mhuirí, agus maidir lena gcur chun feidhme;

E. de bhrí go gcuireann aigéadú na n-aigéan, bruscar muirí, díghrádú gnáthóige agus an t-athrú aeráide an bhithéagsúlacht mhuirí i mbaol, agus go gcuireann iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus scáthchabhlaigh bithéagsúlacht agus iascach an Aontais i mbaol, agus go gcruthaítear iomaíocht éagórach dá bharr;

F. de bhrí gur tugadh castachtaí nua isteach le Brexit do rialachas iascaigh AE san Atlantach Thoir Thuaidh, rud a rinne difear do leithdháileadh cuótaí, do rochtain ar mheánna iascaireachta agus do dhinimic trádála;

Taidhleoireacht na n-aigéan a neartú

1. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé de chumas ag an Aontas rialachas domhanda na n-aigéan a stiúradh mar gheall ar mhéid a limistéir mhuirí, a thábhacht eacnamaíoch, agus a cheannaireacht dhlíthiúil agus rialála; á mheabhrú go bhfuil an limistéar eacnamaíoch eisiach is mó ar domhan ag an Aontas agus go bhfuil sé i mbun a acmhainní muirí a chosaint cheana féin do na glúnta atá le teacht;

2. á iarraidh go ndéanfaí taidhleoireacht maidir leis na haigéin a chomhtháthú i gcomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais chun ord muirí riailbhunaithe a chosaint, saothrú inbhuanaithe acmhainní muirí a áirithiú, caighdeáin AE a chur chun cinn agus iascaireacht NNN agus scáthchabhlacha a chomhrac, píoráideacht agus gníomhaíochtaí naimhdeacha nó foréigneacha i gcoinne soithí iascaireachta AE agus bonneagar AE, go háirithe bonneagar faoin bhfarraige, trí bhearta sonracha, amhail misin chabhlaigh;

3. á chur in iúl gur geal léi an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan mar straitéis chomhtháite lena n-aontaítear slándáil mhuirí, cosaint trádála, freagracht chomhshaoil agus taidhleoireacht; á chur i bhfios go láidir, trí mheascán d'imscaradh cabhlaigh, faireachas bonneagair, bearta árachais agus cobhsaithe margaidh, cibearchosaintí feabhsaithe agus forfheidhmiú láidir dlíthiúil, gur féidir leis an Aontas bealaí trádála slána agus iontaofa a choinneáil, agus ar an gcaoi sin a inchreidteacht agus a cheannaireacht san ord domhanda riailbhunaithe a neartú;

4. á chur in iúl gur geal léi an Comhaontú Nua don Mheánmhuir atá ar na bacáin mar thionscnamh suaitheanta chun an tsíocháin, an chobhsaíocht agus an rathúnas a neartú sa réigiún; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis an Aontas don Réigiún Meánmhuirí agus le comhlachtaí réigiúnacha eile, tús áite a thabhairt do chur chun feidhme an chomhshocraithe sin agus leas a bhaint as taithí agus dea-chleachtais na dtionscnamh sin a rinneadh roimhe seo chun tairbhí nithiúla a áirithiú do phobail chósta, d'éiceachórais agus d'athléimneacht eacnamaíoch ar fud an imchuach;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as taidhleoireacht láidir aigéin mar

uirlis straitéiseach chun cuspóirí comhchoiteanna a chur chun cinn trí eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus trí chomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (SFPAnna), agus béim ar leith á leagan ar fhíorchothrom iomaíochta agus iomaíocht chóir a áirithiú idir iascairí an Aontais agus iad siúd ó thíortha nach de chuid an Aontais iad, agus béim á leagan ag an am céanna ar a riachtanaí atá sé go gcoinneodh an tAontas cabhlach iascaireachta ar bun a fhéadfaidh leas a bhaint as na deiseanna nua iascaireachta a chruthaítear le leathnú CCIInna;

6. ag tacú le forálacha slándála bonneagair mhuirí agus chriticiúil a chomhtháthú i gcomhaontuithe trádála agus comhpháirtíochtaí an Aontais, lena n-áirithítear go mbeidh an tslándáil mhuirí ina cuid lárnach de straitéis Global Gateway an Aontais agus de chlár oibre seachtrach eacnamaíoch agus taidhleoireachta an Aontais;

7. á thabhairt dá haire gur geal léi an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2022 maidir le clár oibre an Aontais maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan agus gur ghlac an Coimisiún an Comhshocrú Eorpach um na hAigéin le déanaí, le tacaíocht EUR 1 bhilliún de chistiú chun an bhithéagsúlacht mhuirí a choimirciú agus chun forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe a threisiú; á chur in iúl gur geal léi comhtháthú an Chomhshocraithe Eorpaigh maidir leis na hAigéin i gCompás Iomaíochais an Aontais mar ghné straitéiseach d'fhás fadtéarmach an Aontais;

8. ag tathant ar an Aontas tacú le páirtithe leasmhara chun comhghuaillíocht thionsclaíoch mhuirí Eorpach a bhunú lena gcomhtháthófar iascach, dobharshaothrú, longthógáil, infheistíochtaí straitéiseacha agus teicneolaíocht, agus idirspleáchas na n-earnálacha muirí uile á aithint ó thaobh iomaíochais, fostaíochta, na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí de;

9. á iarraidh ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí méadú suntasach a dhéanamh ar an infheistíocht in oiliúint taidhleoirí Eorpacha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an aigéan, agus béim ar leith á leagan ar shaineolas i rialachas muirí agus aigéan a neartú laistigh de thoscaireachtaí AE agus misin chuig tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad, go háirithe i dtíortha cósta; á iarraidh go mbeadh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí rannpháirteach i dtábhacht straitéiseach an Chomhshocraithe Eorpaigh maidir leis na hAigéin a chur chun cinn;

Iomaíochas maidir le hiascach agus dobharshaothrú

10. á chur i bhfáth gur gá ualaí riaracháin a laghdú agus dlús a chur le nósanna imeachta do thionscadail lena bhfeabhsaítear slándáil bia; á iarraidh go mbeadh rochtain shimplithe ar limistéir thalún agus chósta trí chomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis na húdaráis áitiúla mar chéimeanna bunriachtanacha chun earnáil dobharshaothraithe inbhuanaithe agus iomaíoch a choinneáil ar bun;

11. ag tathant ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar na tosca struchtúracha agus ar na treochtaí a dhéanann difear d'inbhuanaitheacht agus brabúsacht fhadtéarmach iascaigh;

12. á iarraidh go mbeadh bearta spriocdhírithe ann chun athnuachan ó ghlúin go glúin a áirithiú agus chun tarraingteacht gairmeacha iascaireachta a fheabhsú trí infheistíochtaí i gcabhlaigh iascaireachta nua-aimseartha, shábháilte agus dhigitithe, i gcláir oiliúna, i dtionscnaimh chun galair a chosc agus i ndálaí oibre feabhsaithe; á iarraidh ar an

gCoimisiún agus ar na Ballstáit calafoirt agus seiceálacha custaim a neartú, agus leas iomlán á bhaint as gníomhaireacht custaim nua AE, chun iascairí a chosaint ar gháinneálaithe drugaí agus imirceacha agus chun inrianaitheacht táirgí mara allmhairithe a threisiú;

13. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht d'athnuachan na gcabhlach iascaireachta sna réigiúin is forimeallaí chun todhchaí earnáil an iascaigh sna réigiúin sin a choimirciú agus chun rannchuidiú leis an bhforbairt áitiúil inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún ról ar leith a áirithiú do na réigiúin is forimeallaí in CCIInna an Aontais le tíortha nó réigiúin chomharsanacha, mar shampla i bhfoirm bonneagair, cabhlaigh nó tacaíochtaí earnála;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún feasacht tomhaltóirí a chur chun cinn agus éileamh ar thrédhearcacht agus inrianaitheacht a spreagadh, lena n-áiritheofar faisnéis mhionsonraithe maidir le tionscnamh, cáilíocht agus inbhuanaitheacht táirgí bia mara; á chur i bhfáth gur gá caighdeáin mhargaidh a fhorbairt lena ráthófar cothrom iomaíochta do bhia mara agus do tháirgí muirí a allmhairítear isteach san Aontas, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh siad critéir inchomparáide chomhshaoil agus inbhuanaitheachta;

15. ag tathant go mbainfí láithreach na bacainní rialála laistigh den chomhbheartas iascaigh a chuireann bac ar iarrachtaí dícharbónaithe agus ar athnuachan cabhlaigh, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na gcabhlach iascaireachta sna réigiúin is forimeallaí;

Ceannaireacht chomhshaoil agus eolaíoch

16. á chur in iúl gur geal léi ceannaireacht an Aontais i rialachas domhanda na n-aigéan, go háirithe trína ról maidir le Comhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine um Bithéagsúlacht i limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta de 52 thír a chruthú; á iarraidh go ndéanfaí an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a dhaingniú agus a chur chun feidhme go pras, chun cosaint éifeachtach agus bainistiú inbhuanaithe na mórmhara a áirithiú;

17. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit moratóir idirnáisiúnta ar mhianadóireacht domhainfharraige a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an Údarás Idirnáisiúnta um Ghrinneall na Farraige, go dtí go léireofar le taighde eolaíoch cuimsitheach gur féidir gníomhaíochtaí den sórt sin a bhainistiú gan caillteanas bithéagsúlachta ná díghrádú éiceachórais a chruthú; ag tathant ar gach tír prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm agus tacú leis an moratóir sin mar ábhar freagrachta comhshaoil domhanda;

18. ag tathant go ndéanfaí limistéir mhuirí faoi chosaint a ainmniú go tapa san Antartach, lena n-áirítear Muir Weddell agus Leithinis an Antartaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú go gníomhach leis na limistéir mhuirí sin faoi chosaint mar chuid de fhreagairt chothrom ar uaillmhianta méadaitheacha gníomhaithe domhanda eile sna réigiúin sin;

19. ag tacú le tiomantas an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan tionscnamh uile-Eorpach um fhaire na n-aigéan a bhunú mar bhunchloch chun feabhas a chur ar thuiscint agus ar bhainistiú na n-éiceachóras muirí; á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe ann laistigh den Aontas maidir le taighde agus nuálaíocht chun comhar eolaíoch muirí a neartú agus chun ceannaireacht AE san aigéaneolaíocht a threisiú;

Beartas trádála agus rialachas domhanda na n-aigéan

20. á chur i bhfáth go bhfuil freagracht ar an Aontas ceannaireacht a choinneáil i bhfóraim idirnáisiúnta tríd an iltaobhachas a spreagadh, trína bheith ag plé leis na Stáit Aontaithe agus trí chaighdeáin dhomhanda a leagan síos maidir le hinbhuanaitheacht mhuirí agus iomaíocht chóir;

21. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a ghlac an Coiste Speisialaithe um Iascach lena mbunaítear socruithe fadtéarmacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, lena ndeonaítear rochtain chómhalartach iomlán ar uiscí iascaireachta go dtí an 30 Meitheamh 2038; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith daingean i gcoinne aon chinntí aontaobhacha lena laghdófaí *de facto* rochtain iascairí an Aontais ar uiscí na Ríochta Aontaithe;

22. á iarraidh ar an Aontas dlús a chur lena rannpháirtíocht leis an Iorua tríd an gcruinniú comhchéime ardleibhéil maidir le hidirphlé iascach agus na n-aigéan chun saincheisteanna atá fós gan réiteach a shocrú agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir iascairí an Aontais agus iascairí na hIorua;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún soiléireacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar maidir le cleachtais iascaireachta neamh-inbhuanaithe a d'fhéadfadh bearta forfheidhmiúcháin AE a spreagadh, lena n-áirítear srianta trádála amhail toirmisc ar allmhairiú, chun cumas AE aghaidh a thabhairt ar chleachtais neamh-inbhuanaithe ar fud an domhain a neartú;

Bearta buiséadacha agus institiúideacha

24. á áitiú go láidir go bhfuil gá le cistiú suntasach do thaidhleoireacht na n-aigéan, go háirithe chun earnáil iascaireachta straitéiseach a choinneáil ar bun; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach léirítear sna tograí don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile ach leithdháileadh EUR 2 bhilliún ar iascach agus ar dhobharshaothrú don tréimhse 2028-2034, arb ionann é agus beagnach aon trian den leibhéal cistiúcháin a bhí aige roimhe sin;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach agus níos simplí ag iascairí agus páirtithe leasmhara sa gheilleagar gorm ar ionstraimí maoiniúcháin, amhail an Ciste Eorpach um Iomaíochas, a thacaíonn le hinfheistíocht i ngeilleagar gorm inbhuanaithe, agus Ionstraim an Aontais um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda, atá mar bhonn agus mar thaca le taidhleoireacht na n-aigéan agus le hiarrachtaí chun iascaireacht NNN a chomhrac, chomh maith le foinsí comhlántacha cistiúcháin amhail an Ciste um Aistriú Cóir, REPowerEU, Fís Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta;

°

° °

26. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá geilleagar muirí na hEorpa ar cheann de bhunchlocha dá rathúnas: rannchuidíonn an geilleagar gorm EUR 250 billiún in aghaidh na bliana in oll-bhreisluach, tacaíonn sé le 5 mhilliún post, agus tá sé mar bhonn agus mar thaca le feidhmiú na trádála domhanda, le 90 % de luach na trádála idirnáisiúnta agus 80 % de thrádáil sheachtrach an Aontais á n-iompar ar muir, agus 99 % den trácht idirlín idir-ilchríochach á iompar trí cháblaí faoin bhfarraige.

Is cnámh droma go leor pobal cósta é an t-iascach ar mhionscála, lena gcuirtear slite beatha eacnamaíocha ar fáil, lena gcaomhnaítear traidisiúin, agus lena n-áirithítear slándáil bia, ach tá an t-athnuachan ó ghlúin go glúin ag dul i léig agus dálaí oibre neamhtharraingteacha rompu. Go háirithe, is soithí ar mionscála den chuid is mó atá i gcabhlach iascaireachta na Meánmhara, arb ionann é agus thart ar 80 % de chabhlach iomlán an Aontais sa réigiún, agus tá dúshláin iomadúla roimhe cheana féin a dhéanann difear do tharraingteacht agus d'inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch na hearnála.

Is inniúlacht eisiach de chuid an Aontais é an comhbheartas iascaigh (CBI) agus is bunchloch é de shlándáil bia agus beartas comhshaoil an Aontais, atá bunaithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch, ar chomhar réigiúnach agus ar chinnteoireacht eolaíochtbhunaithe.

Tá an limistéar eacnamaíoch eisiach is mó ar domhan ag an Aontas agus tá sé ag gabháil cheana féin dá acmhainní a chosaint do na glúine atá le teacht. Dá bhrí sin, tá sé de chumas ag an Aontas rialachas domhanda na n-aigéan a stiúradh mar gheall ar mhéid a limistéir mhuirí, a thábhacht eacnamaíoch, agus a cheannaireacht dhlíthiúil agus rialála.

Ní uirlis roghnach beartais eachtraigh í an taidhleoireacht aigéin a thuilleadh ach is riachtanas straitéiseach í do shlándáil, trádáil, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus athléimneacht eacnamaíoch na hEorpa. Ba cheart Cairt chomhleanúnach Taidhleoireachta Aigéin AE a úsáid chun tionchar a imirt ar chomhpháirtithe trádála, chun oibleagáidí ceangailteacha inbhuanaitheachta a chruthú, chun rochtain chothrom ar stoic a áirithiú, agus chun Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a dhéanamh níos éifeachtúla.

Is sócmhainní straitéiseacha iad an t-iascach agus an dobharshaothrú don tslándáil bia agus don fhorbairt tuaithe. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt d'fhéiniúlacht agus ról níos leithne na n-iascairí mar choimeádaithe na muirthimpeallachta, mar rannchuiditheoirí leis an turasóireacht chomhshaoil, agus mar spreagthóirí na forbartha áitiúla i bpobail chósta. Níor cheart do na bearta comhshaoil an bonn a bhaint d'inmharthanacht shocheacnamaíoch.

Ní mór an róspleáchas ar allmhairí bia mara a mhaolú trí bheartais neamhthuilleamaíochta trí dhul i dteagmháil le tríú tíortha chun caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta choibhéiseacha a chomhlíonadh agus chun iomaíocht éagórach a chosc. Ní mór an comhar idir iascairí agus páirtithe leasmhara muirí eile a neartú i réimsí amhail pleanáil spásúil mhuirí, imscaradh fuinnimh in-athnuaite, eagrú shlabhra an tsoláthair bia mara, an geilleagar ciorclach, agus éagsúlú faoi chreat an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe.

Ní mór an mhuinín idir geallsealbhóirí iascaigh agus institiúidí an Aontais a atógáil trí thrédhearcacht, meastóireacht agus rannpháirtíocht fheabhsaithe i bpróisis forbartha beartais. Is fíor-riachtanach é an comhar eolaíoch idirnáisiúnta agus infheistíocht mhéadaithe sa

taighde muirí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus chun tacú le ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise.

Tá comhar láidir leis na Stáit Aontaithe ríthábhachtach trí e.g. Roinn Náisiúnta Riaracháin na nAigéan agus an Atmaisféir (NOAA), lena n-aithnítear ról na gcomhpháirtíochtaí trasatlantacha maidir le rialachas agus eolaíocht na n-aigéan a chur chun cinn. Is cúis aiféala é gur tharraing na Stáit Aontaithe siar ó roinnt eagraíochtaí iltaobhacha, rud a lagaigh gníomhaíocht chomhchoiteann.

Ní mór cistiú leordhóthanach cobhsaí a chur ar fáil chun tacú leis an gcomhbheartas iascaigh (CBI) chun a chuspóirí a bhaint amach.